C/2024/7417

12.12.2024

Bearta atheagrúcháin — Cinneadh maidir le bearta atheagrúcháin i ndáil le Assicurazioni Rischi Agricoli VMG 1857 S.p.A., cuideachta árachais, agus FINASS VMG 1857 S.p.A.

(Foilsiú de bhun Airteagal 271 de Threoir 2009/138/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dul i mbun ghnó an árachais agus an athárachais, agus an gnó sin a shaothrú (Sócmhainneacht II) agus Airteagal 237(2) d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 209/2005)

(C/2024/7417)

Cuideachta árachais	Assicurazioni Rischi Agricoli VMG 1857 S.p.A. Via Spalato 11/2 20124 Milano AN IODÁIL Uimhir aitheantais chánach, uimhir CBL agus Uimhir Chlár Cuideachtaí Milano 01329860157 Aitheantóir eintitis dhlítheanaigh (LEI) 815600F5033868D0CD12
Príomhchuideachta de bhun Airteagal 210 d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 209/2005	FINASS VMG 1857 S.p.A. Via Spalato 11/2 20124 Milano AN IODÁIL Uimhir aitheantais chánach, uimhir CBL agus Uimhir Chlár Cuideachtaí Milano 01700840158
Dáta, teacht i bhfeidhm agus cineál an chinnidh	Foraithne ón Aire Fiontar agus *Made in Italy* [Déanta san Iodáil] an 6 Samhain 2024, arna glacadh ar thogra ó IVASS (an t-údarás atá freagrach san Iodáil as maoirseacht a dhéanamh ar chuideachtaí árachais) – Díscaoileadh chomhlachtaí riaracháin agus faireacháin Assicurazioni Rischi Agricoli VMG 1857 S.p.A. agus FINASS VMG 1857 S.p.A. agus na cuideachtaí a chur faoi ghlacadóireacht ar feadh uastréimhse 1 bhliain amháin ó dháta eisiúna na foraithne, de bhun Airteagail 231(1)(a), 275(2)(b) agus 282 d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 209/2005. Cuireadh an Fhoraithne in iúl do IVASS an 8 Samhain 2024. Uimhir Thagartha IVASS 0247497, Uimh. 0244892/24 an 8 Samhain 2024 — Comhlachtaí a cheapadh le haghaidh na nósanna imeachta um ghlacadóireacht de bhun Airteagal 233 d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 209/2005.
Údaráis inniúla	An tAire Fiontair agus *Made in Italy* [Déanta san Iodáil] Via Molise 2 00187 An Róimh AN IODÁIL IVASS — *Istituto per la Vigilanza sulle Assicurazioni* [An Institiúid um Maoirseacht ar Árachas] Via del Quirinale 21 00187 An Róimh AN IODÁIL
An t-údarás maoirseachta	IVASS — *Istituto per la Vigilanza sulle Assicurazioni* [An Institiúid um Maoirseacht ar Árachas] Via del Quirinale 21 00187 An Róimh AN IODÁIL

An Riarthóir Speisialta, arna cheapadh don dá chuideachta	Massimo Michaud
An Coiste faireacháin, arna cheapadh don dá chuideachta	Claudio Ferrario Antonio Blandini Monica Biccari
An dlí is infheidhme	Dlí na hIodáile Airteagail 231, 233, 275 agus 282 d'Fhoraithne Reachtach Uimh. 209/2005